



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe - Fógra Suímh

Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)
Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú) - Cuid 8

An Chreig Bhuí, Baile Chláir, Co. na Gaillimhe

De bhua na gceanglas thuas, tugtar fógra leis seo go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe tabhairt faoi fhorbairt ag an láthair seo thuas (Baile Fearainn: An Chreig Bhuí), a bheidh forbairt Reilige, áite páirceála do charranna agus bóthair rochtana i gceist leis.

Beidh pleananna agus sonraí na forbartha beartaithe ar fáil lena n-íniúchadh, nó lena gceannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhainfeadh lena gcóipeáil, le linn gnáthuaireanta oibre (Luan go hAoine, 9.00 a.m. go dtí 4.00 p.m. gan laethanta Saoire Bainc agus Saoire Phoiblí san áireamh) ón **Luan an 21 Samhain 2022** go dtí **Dé Luan an 19 Nollaig 2022**, ag an suíomh seo a leanas:

- Comhairle Chontae na Gaillimhe, An Rannóg Pleanála (Cuntar Poiblí), Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX.

Is féidir aigneachtaí nó tuairimí i ndáil leis an bhforbairt bheartaithe, mar a bhaineann le pleanáil agus forbairt chuí an cheantair ina mbeadh an fhorbairt lonnaithe, a dhéanamh i scríbhinn chuig Rúnaí an Chontae, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX; nó i bhfoirm leictreonach ar an láithreán gréasáin speisialta ag <https://consult.galway.ie/en> le bheith istigh tráth nach déanaí ná **Dé Máirt an 10 Eanáir 2023**.

Sínithe ag:

Dáta:

Eileen Ruane

Stiúrthóir Seirbhísí, Timpeallacht agus Athrú Aeráide,
Seirbhísí Dóiteáin & Móréigeandála, Acmhainní Daonna
agus Córais Faisnéise